



An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

2020/2076(INI)

26.5.2020

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar straitéis fhadtéarmach do thodhchaí thionsclaíoch na hEorpa
(2020/2076(INI))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Carlo Calenda

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	11

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar straitéis fhadtéarmach do thodhchaí thionsclaíoch na hEorpa (2020/2076(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagail 9, 151, 152, 153(1) agus (2), mar aon le hAirteagal 173 a bhaineann le beartas tionsclaíoch AE agus a thagraíonn, i measc nithe eile, d’iomaíochas thionscal an Aontais,
- ag féachaint d’Airteagail 14, 27 agus 30 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do CFAE agus don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe d’Airteagal 5(3) CAE agus do Phrótacal Uimh. 2 maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta,
- ag féachaint dá rún an 15 Bealtaine 2020 maidir an gcreat airgeadais ilbhliantúil nua, maidir le hacmhainní dílse agus maidir leis an bplean téarnaimh (2020/2631(RSP))¹,
- ag féachaint don Réamhaisnéis Eacnamaíoch ón gCoimisiún Eorpach: Earrach 2020,
- ag féachaint do na Conclúidí ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí an 23 Aibreán 2020 tar éis fhíschomhdháil chomhaltaí na Comhairle Eorpaí,
- ag féachaint dá rún an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paidéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac (2020/2616(RSP))²,
- ag féachaint don Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí an 8 Aibreán 2020 maidir le Freagairt Dhomhanda an Aontais ar COVID-19 (JOIN(2020)0011),
- ag féachaint do na Conclúidí ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí an 17 Márta 2020 tar éis na fischomhdhála le comhaltaí na Comhairle Eorpaí maidir le COVID-19,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Márta 2020 dar teideal ‘Freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar Ráig COVID-19’ (COM(2020)0112),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal ‘Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip’ (COM(2020)0102),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal ‘Straitéis FBM don Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach’ (COM(2020)0103),

¹ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0124.

² Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.

- ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) (COM(2020)0080),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal ‘Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú’ (COM (2020)0067),
- ag féachaint do Chlár Oibre an Choimisiúin, 2020, dar teideal ‘Aontas níos uailmhianáí’ (COM(2020)0037),
- ag féachaint dá rún an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP))³,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2020 maidir leis an bPlean Infheistíochta d’Eoraip Inbhuanaithe (COM(2020)0021),
- ag féachaint dá rún an 18 Nollaig 2019 maidir le cánachas cothrom i ngeilleagar digitithe agus domhandaithe: BEPS 2.0 (2019/2901(RSP))⁴,
- ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),
- ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019 maidir le ‘Clár oibre straitéiseach nua do AE 2019-2024’ (EUCO 9/19),
- ag féachaint do na conclúidí maidir le ‘Straitéis Beartais Tionsclaíochta AE don Todhchaí’, mar a ghlac an Chomhairle ag a 3655ú cruinniú a tionóladh an 29 Samhain 2018 (14832/18),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 dar teideal ‘Infheistiú i dtionsclaíocht chliste, nuálach agus inbhuanaithe – Straitéis Beartais Tionsclaíochta athnuaite AE’ (COM(2017)0479),
- ag féachaint dá rún an 5 Iúil 2017 maidir le straitéis tionsclaíochta AE uailmhianach a thógáil mar thosaíocht straitéiseach don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip (2017/2732(RSP))⁵,
- ag féachaint dá rún an 1 Meitheamh 2017 maidir le tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú (2016/2271(INI))⁶,
- ag féachaint don cheist i gcomhair freagra ó bhéal ar an gCoimisiún maidir le straitéis tionsclaíochta AE uailmhianach a thógáil mar thosaíocht straitéiseach don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip (O-000047/2017),

³ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0005.

⁴ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0102.

⁵ IO C 334, 19.9.2018, lch. 124.

⁶ IO C 307, 30.8.2018, lch. 163.

- ag féachaint dá rún an 19 Eanáir 2016 maidir le 'I dTreo Gníomh um an Margadh Aonair Digiteach' (2015/2147(INI))⁷,
 - ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2016 dar teideal 'Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú – Leas iomlán a bhaint as Margadh Aonair Digiteach' (COM(2016)0180),
 - ag féachaint do Chomhaontú Pháras, a dhaingnigh Parlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2016,
 - ag féachaint dá rún an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis an ngá atá le beartas Eorpach um ationsclú i bhfianaise chásanna Caterpillar agus Alstom le déanaí (2016/2891(RSP))⁸,
 - ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2016 agus an 23 Meitheamh 2017,
 - ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre an Iomaíochais Thionsclaíoch, maidir le claochlú digiteach thionscal na hEorpa agus maidir leis an bpacáiste 'Teicneolaíochtaí don Mhargadh Aonair Digiteach agus Nuachóiriú ar Sheirbhísí Poiblí',
 - ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2015 dar teideal 'Trádáil do Chách – faoi thuairim beartas trádála agus infheistíochta níos freagraí a chothú' (COM(2015)0497),
 - ag féachaint dá rún an 15 Eanáir 2014 maidir le maidir le tionscal a chur ar bun san Eoraip arís chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn (2013/2006(INI))⁹,
 - ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2014 dar teideal 'I gcomhair Athbheochan Thionsclaíoch san Eoraip' (COM(2014)0014),
 - ag féachaint do Rial 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaoil, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dílíthiúla,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2020),
- A. de bhrí go bhfuil straitéis thionsclaíoch nua lena ndéantar a chuid tionscal níos iomaíche ar an leibhéal domhanda, níos athléimní agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ag teastáil ón Aontas; de bhrí gur cheart aistriú tionscal Eorpach chuig an digitiú agus chuig an neodracht aeráide a chumhdach i straitéis den sórt sin, agus

⁷ IO C 11, 12.1.2018, lch. 55.

⁸ IO C 215, 19.6.2018, lch. 21.

⁹ IO C 482, 23.12.2016, lch. 89.

tosaíocht á tabhairt do na prionsabail ‘tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh’, do choigilt fuinnimh agus do theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite;

- B. de bhrí gur cheart do straitéis thionsclaíoch an Aontais feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a áirithiú, cothrom iomaíochta a chruthú laistigh den Aontas agus lasmuigh de agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú, ar amhábhair agus ar mhargaí a áirithiú, chomh maith le leibhéil iomchuí infheistíochta, taighde agus nuálaíochta, oideachais agus scileanna a áirithiú chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht;
- C. de bhrí go raibh paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí faoi deara cor chun donais eacnamaíoch san Eoraip nach bhfacthas a leithéid riamh cheana; de bhrí, sa chomhthéacs sin, gur cheart go mbeadh sé mar thúsphointe ag aon straitéis thionsclaíoch atá dírithe ar an todhchaí aghaidh a thabhairt ar théarnamh tionsclaíoch;
- D. de bhrí gur dócha go bhfágfaidh fiacha nua a thabhófar chun teacht slán as an gcor chun donais eacnamaíoch go mbeidh struchtúr airgeadais níos leochailí ag cuideachtaí, a mbeidh fás marbhánta san fhadtéarma mar thoradh air;
 - 1. den tuairim gur cheart go mbeadh aistrithe digiteacha agus comhshaoil i gcoilár straitéisí uile an Aontais go dtí 2050; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, straitéis thionsclaíoch chuimsitheach lena mbainistítear na haistrithe sin, lena gothaítear claochlú agus lena ráthaítear uathriaíl straitéiseach an Aontais a shainiú;
 - 2. ar an eolas nach ndéanann dinimic mhargaidh, agus iadsan amháin, na bristeacha arna gcruithú le linn an phróisis claochlaithe a dhúnadh mura ndéantar na haistrithe a bhainistiú go cuí ná mura bhfuil beartais tionsclaíochta láidre ann; ar an eolas, thairis sin, gurb amhlaidh, cé go dtéann na margaí, an iomaíocht agus an nuálaíocht go tapa i dtreo an chlaohlaithe, gurb í an tsochaí agus an comhshaoil a bhfuil tionchar ag na claochluithe sin orthu; á mheas nach leor ann féin é cothromaíocht a aimsiú idir an líon post a chailltear i dtionscail thraidisiúnta agus poist nua a chruthaítear sna hearnálacha digiteacha agus comhshaoil ós rud é nach gcruthaítear na poist nua sin sna réigiúin chéanna ná nach dtéann na hoibrithe céanna ina mbun; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh na haistrithe sin cothrom agus cóir go sóisialta, agus go mbeidh ag gabháil le gach gníomhaíocht atá dírithe ar dhlús a chur le próiseas claochlaithe (próiseas claochlaithe digiteach, próiseas claochlaithe comhshaoil, etc.) tionscnamh comhfhreagrach chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, chun na héifeachtaí atá ag an bpróiseas brostaithe sin ar réigiúin agus ar dhaoine araon a bhainistiú;
 - 3. á mheas, sa chomhthéacs reatha, go bhfuil straitéis thionsclaíoch nua, shaincheaptha lena ndírítear ar dhá chéim ar leith de dhíth ar an Aontas; an chéad cheann dírithe ar théarnamh agus an dara ceann dírithe ar atógáil agus ar chlaochlú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, an straitéis a foilsíodh i mí an Mhárta 2020 a chur in oiriúint don staid reatha agus aghaidh a thabhairt ar an dá chéim, agus fós na cuspóirí digiteacha agus comhshaoil a choinneáil mar thosaíochtaí i rith an ama;

Céim a hAon - Téarnamh

- 4. á chur in iúl gur geal léi creat Státchabhrach Sealadach mar bhealach le leachtacht a aistriú go pras i gcás ina bhfuil géarghá leis; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar sin féin, a

áirithiú nach mbeidh an chabhair a sholáthrófar sa chéim éigeandála ina siocair le saobhadh buan sa mhargadh aonair;

5. á mheas go bhfuil na scéimeanna eacnamaíocha a chuir Ballstáit aonair ar bun chun cabhrú le FBManna agus le cuideachtaí an ngéarchor airgid gearrthéarmach a sheasamh ina scéimeanna fóna, ach go méadóidh siad leibhéal fiachais na ngnólachtaí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, sa chomhthéacs sin, téarnamh a éascú trí scéimeanna fioscacha faoina dtugtar tús áite do chothromas thar fhiachas agus do dheontais thar iasachtaí agus/nó ráthaíochtaí;
6. á iarraidh ar an gCoimisiún a áireamh sa phlean téarnaimh straitéis chun tionscail a athimlonnú san Eoraip agus chun táirgeadh tionsclaíoch in earnálacha straitéiseacha a athlonnú; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, seasamh níos láidre a ghlacadh ar iomaíocht dhomhanda éagórach agus ar éadálacha creacha ag SOEanna agus ag cistí ceannasacha; den tuairim gur cheart don Aontas, sa chomhthéacs sin, scéim shealadach TDI a chur chun feidhme;
7. á thabhairt chun suntais gur cheart don Aontas, le linn na céime criticiúla sin, a mhargadh a chosaint in earnálacha straitéiseacha agus cosc a chur le táthcheangail agus infheistíocht dhíreach choigríche a d'fhéadfadh a spleáchas ar chumhachtaí eachtracha a mhéadú tuilleadh;
8. den tuairim gur cheart go gcabhródh an plean téarnaimh tionsclaíoch le tionscadail thionsclaíocha Eorpacha nua uailmhianacha agus nuálacha atá fite fuaithe leis an athbhreithniú reatha ar na treoirlínte maidir le 'Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne' (IPCEI) a chruthú, chun teacht chun cinn ceannairí Eorpacha in earnálacha straitéiseacha tionsclaíocha atá in ann dul in iomaíocht ar fud an domhain a spreagadh;
9. á mheas gurb é an Ciste Téarnaimh (dá ngairtear 'an Ciste' anseo feasta) colún na chéad chéime: téarnamh tionsclaíoch an Aontais ó COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfean an ciste chun feidhme go pras agus:
 - a. go mbeidh acmhainneacht airgeadais leordhóthanach aici chun an damáiste do thionscail na hEorpa as siocair ghéarchéim COVID-19 a fhritháireamh;
 - b. go ndéanfaidh an Coimisiún é a bhainistiú go díreach, nuair is féidir, trí chlár Eorpacha chun saobhadh breise ar an margadh aonair a sheachaint;
 - c. ag dáileadh na cabhrach airgeadais i measc na n-earnálacha tionsclaíocha éagsúla de réir an damáiste a rinneadh, de réir na ndúshlán a bhí le sárú agus de réir mhéid na tacaíochta airgeadais náisiúnta a fuarthas cheana trí scéimeanna cabhrach náisiúnta;
 - d. ag tacú le scéimeanna fioscacha náisiúnta lena ndreasaítear infheistíocht chothromais na hearnála príobháidí agus lena gceadaítear do chuideachtaí cuid de na hiasachtaí a thugann an Ciste a thiontú go cothromas;
 - e. ag tabhairt tús áite do chuideachtaí agus do FBManna a dhíríonn a bpleananna gnó ar chlaohlú digiteach agus eacnamaíoch;

- f. ag neartú chlár ráthaíochtaí BEI agus á dhéanamh comhlántach le cláir náisiúnta chun an tionchar a neartú agus chun scéimeanna nua a chur in ionad scéimeanna náisiúnta de réir a chéile;
10. á thabhairt chun suntais gur gá tacú le téarnamh inbhuanaithe agus cothrom tar éis ghéarchéim COVID-19 chun an fás san Aontas a fheabhsú tríd an infheistíocht a mhéadú san aistriú digiteach agus san aistriú glas; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le Ciste Téarnaimh uailmhianach atá faoi chuimsiú CAI níos láidre agus atá comhtháite sa chinneadh maidir le hacmhainní dílse, agus comhordú an bheartais fhioscaigh a shaothrú chun an creat fioscach Eorpach a neartú; den tuairim gur cheart, tar éis bhuaic na paindéime, go mbeadh an Ciste ina Chiste Athchóirithe buan chun an t-aistriú tionsclaíoch digiteach agus an t-aistriú tionsclaíoch glas a chothú;
11. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair mionsonraithe a dhéanamh ar na costais agus na hualaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chuideachtaí agus FBManna Eorpacha sula dtíolacfaidh tograí nua le haghaidh reachtaíochta nó sula nglacfaidh sé bearta nua; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht chomhréireach a mholadh do na hearnálacha atá buailte nuair nach féidir tionchar diúltach a sheachaint;

Céim a Dó - Atógáil agus claoclú

12. á mheas gur cheart don Aontas, a thúisce a bheidh an chéim éigeandála thart, tabhairt faoin dara céim dá straitéis thionsclaíoch: iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht a cuid tionscal a áirithiú san fhadtéarma;
13. á thabhairt chun suntais acmhainneacht an gheilleagair chiorclaigh i ndáil le geilleagar an Aontais a nuachóiriú, a thomhaltas fuinnimh agus acmhainní a laghdú agus earnálacha tionsclaíocha iomlána agus a luachshlabhraí a athrú ó bhonn;
14. á mheas go bhfuil acmhainneacht shuntasach i margáí intíre agus domhanda do theicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí agus táirgí, próisis agus seirbhísí inbhuanaithe ar fud an tslabhra luacha iomláin ó amhábhair go tionscail dianfhuinnimh, déantúsaíocht agus an earnáil seirbhísí tionsclaíocha; á mheas, thairis sin, go bhfuil an Dlí Aeráide ina chéad chéim i dtreo spriocanna aeráide a chumhdach i reachtaíocht an Aontais; á chreidiúint go bhfuil gá freisin le sprioc-chreat níos iomlánaí agus níos córasaí chun a áirithiú go mbeidh combhleanúnachas beartais ann ar fud bheartais uile an Aontais agus cur chuige rialachais aonchineálach ann i ngach réimse beartais, lena réiteofar an bealach ionsar straitéis shoiléir agus chobhsaí do thionscail Eorpacha;
15. ag áitiú di go n-éilíonn beartas tionsclaíoch Eorpach atá éifeachtach go fírinneach go mbeadh deais de spriocanna aeráide ann mar threochlár chun tionscal na haimsire atá le teacht a mhúnlú; á mheas gur cheart go rannchuideodh na hearnálacha uile le cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach agus á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, a thábhachtaí atá gás mar mhodh aistrithe fuinnimh agus a thábhachtaí atá hidrigine mar theicneolaíocht cheannródaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh freisin go dtabharfaí aird níos mó ar shlándáil líonraí agus ar sholáthar fuinnimh; á iarraidh ar an gComhairle caiteachas a mhéadú ó bhuiséad an Aontais ar iarrachtaí i ndáil leis an athrú aeráide; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach mbainfidh tionscail a bhfuil sceitheadh carbóin ard acu tairbhe as fóirdheontais AE, agus go mbainfí úsáid níos fearr as BEI, mar 'Banc Aeráide' an Aontais, chun feabhas a chur ar mhaoiniú inbhuanaithe

don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach agus chun cúnamh a thabhairt do chuideachtaí i bpróiseas an dícharbónaithe, agus chun úsáid a bhaint as an sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha mar bhealach le monaróirí AE agus poist a chosaint ar iomaíocht idirnáisiúnta éagórach;

16. á thabhairt chun suntais gur gá tacú le haistriú cóir, agus á chreidiúint go mbeadh Sásra um Aistriú Cóir, lena n-áirítear Ciste um Aistriú Cóir, ina uirlis thábhachtach chun an t-aistriú a éascú agus spriocanna aeráide uailmhianacha a bhaint amach agus fós aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta; á chur i bhfáth go mbeadh maoiniú stóinsithe na hionstraime sin, lena n-áirítear acmhainní buiséadacha breise, ina príomhghné le haghaidh chur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;
17. á iarraidh ar an gCoimisiún a straitéis thionsclaíoch a chur in oiriúint do mhéadú agus tráchtálú teicneolaíochtaí ceannródaíochas san Aontas, trí mhaoiniú riosca a sholáthar don teicneolaíocht luathchéime agus trí luathshlabhraí luacha a fhorbairt chun tacú le, thar aon ní eile, teicneolaíochtaí agus táirgí ar scála tráchtála atá neodrach ó thaobh na haeráide de;
18. á mheas gur den riachtanas é tionscail na hEorpa, lena n-áirítear cinn thraidisiúnta, a dhigitiú; á iarraidh ar an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh, *inter alia*, sa gheilleagar sonraí, san intleacht shaorga, sa táirgeadh cliste, sa tsoghluaisteacht, agus i líonraí an-ardluais atá athléimneach agus slán; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht scéimeanna Creidmheasa Cánach Náisiúnta cómhaoinithe a d'fhéadfadh deontais thraidisiúnta 'ar éileamh'/tacaíocht atá bunaithe ar thairiscintí a chomhlánú nó a ionadú, go háirithe do FBManna; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC) i ndáil le tacaíocht a thabhairt do chruthú post, d'iomaíochas gnó, d'fhás eacnamaíoch agus d'fhorbairt inbhuanaithe;
19. á iarraidh ar an gCoimisiún margadh aonair Eorpach digiteach agus sonraí a chur chun feidhme, malartú sonraí i measc cuideachtaí agus i measc institiúidí poiblí a chur chun cinn, sonraí a fhorbairt agus a phróiseáil ar chríoch na hEorpa, go háirithe sonraí ó chomhlachtaí poiblí, córas cánachais dhigitigh níos fearr a thógáil faoina ngearrtar cáin ar bhrabúis i gcás idirghníomhaíocht shuntasach a bheith ag cuideachtaí le húsáideoirí, agus caighdeán Eorpacha maidir leis an gcibearshlándaíl a fhorbairt tuilleadh, go háirithe i gcás bonneagar criticiúil;
20. á mheas gur gá, chun claochlú tionsclaíoch a bhaint amach, eolas nua agus nuálaíocht nua a chomhtháthú sna margaí atá ann cheana agus iad a úsáid agus cinn nua á gcruthú; á chur in iúl gurb oth léi, ina leith sin, go ndéanann an tAontas níos lú infheistíochtaí i dtaighde agus forbairt mar chéatadán de OTI ná a iomaitheoirí domhanda agus go bhfuil easpa thromchúiseach acmhainneachta nuálaíochta i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide air mar gheall ar ghannchion sa chaipiteal riosca is gá; á iarraidh ar an gCoimisiún an buiséad do na cláir sin atá ina mbunsraith do claochlú thionscal an Aontais a mhéadú, lena n-áirítear Fís na hEorpa, agus sineirgí a chothú idir foinsí airgeadais réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus príobháideacha trí bhuntáiste a bhaint as sineirgí i measc chláir uile an Aontais;
21. den tuairim go mbeidh éiceachórais ina bpríomhchodanna den chéad réabhlóid

thionsclaíoch eile, lena soláthrófar fuinneamh inacmhainne agus níos glaine, monaraíocht chlaochlaitheach agus modhanna soláthair seirbhíse; á chreidiúint, thairis sin, go mbeidh tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú i measc an tionscail, an tsaoil acadúil, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, ceardchumann, na sochaí sibhialta, eagraíochtaí úsáideoirí deiridh agus na ngeallsealbhóirí uile eile bunriachtanach chun clistí margaidh a réiteach agus chun tacú le hiarrachtaí ar ‘gleann an bháis’ a thrasnú, lena n-áirítear i réimsí nach bhfuil cumhdaithe fós ag leasanna tionsclaíocha;

22. á mheas go bhfuil an soláthar poiblí ina spreagthaí bunriachtanach don chlaochlú tionsclaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar conas lánúsáid a bhaint as gearáil an chaiteachais phoiblí agus na hinfheistíochta poiblí chun cuspóirí beartais a bhaint amach, lena n-áirítear trí chritéir chomhshaoil agus shóisialta a dhéanamh éigeantach sa soláthar poiblí; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin Ionstraim Soláthair Idirnáisiúnta níos uailmhianáí a éileamh lena bhforáiltear do chómhálartacht agus do chaighdeáin fhrithpháirteacha;
23. á iarraidh ar an gCoimisiún córas láidir Eochairtháscaire Feidhmíochta (KPI) a ghlacadh chun anailís a dhéanamh ar thionchar *ex-ante* rialacháin agus ionstraimí an Aontais, agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thorthaí;
24. á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise an comhthéacs eacnamaíoch idirnáisiúnta a bheith athraithe ó bhonn, athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha in aghaidh trustaí agus a áirithiú i gcónaí go mbeidh forfheidhmiú dhlí iomaíochta AE éifeachtach i ndáil leis an Aontas a choinneáil iomaíoch ar an leibhéal domhanda, agus cothromaíocht á lorg idir tacaíocht do ‘seaimpíní Eorpacha’, mar a thugtar orthu, agus cosaint an tslabhra soláthair ar iomaíocht éagórach, chun an easpa cothroime iomaíochta domhanda a chúiteamh i bhfianaise na leibhéal ard comhchruinnithe, corrlaigh agus neamhionannais atá infheicthe sa gheilleagar;
25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Brollach

Tá an tuarascáil seo ar bheartas tionsclaíoch AE á hullmhú tráth drámata don gheilleagar domhanda. Bhí iarmhairtí eacnamaíocha an choróinvírís ina siocair le suaithheadh siméadrach ar sholáthar agus éileamh nach bhfacthas a leithéid cheana ón Dara Cogadh Domhanda i leith. Tá riocht airgeadais cuideachtaí Eorpacha imithe in olcas go géar, rud a chaitheann amhras ar a n-acmhainneacht chun infheistíochta.

Tharla an chéad phaindéim den ré nua-aimseartha tráth a bhí an tAontas réidh le dlús a chur le dhá aistriú chinntitheacha – an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú comhshaoil – ar ina leith is gá mórinfheistíocht phríobháideach agus phoiblí. Sin é an fáth a moltar dhá chéim ar leith den bheartas tionsclaíoch sa tuarascáil: tá an chéad chéim dírithe ar théarnamh an chórais táirgthe, agus tá an dara céim dírithe ar atógáil agus claochlú an chórais. Ba cheart go mbeadh na héiceachórais tháirgiúla atá á sainathint ag an gCoimisiún faoi láthair ina mbonn taca do gach tionscnamh i réimse an bheartais thionsclaíoch, rud a fhágfadh go bhféadfaí idirghabhálacha agus tosaíochtaí a roghnú agus tionscnaimh i réimse an taighde, an oideachais agus na hinfeistíochta a chomhordú.

Is minic débhríoch agus teoriciúil beartas tionsclaíoch an Aontais. Meascán de dhearbhuithe prionsabail, ganntanas acmhainní, ró-rialáil agus sásraí rómhaorlathacha. Ar an ábhar sin, sa tuarascáil, dírithe ar na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí nithiúla a bheidh le glacadh seachas ar léirithe intinne. Chun go mbeadh beartas tionsclaíoch Eorpach éifeachtach ann, tá gá le buiséad Eorpach leormhaith, le hacmhainní breise ó bhuiséid náisiúnta, agus ní mór bannaí Eorpacha a eisiúint. Is é is gá anois ná beart – ní focail dhíomhaoine. Ní féidir linn iarrachtaí eile gan rath a sheasamh.

An comhthéacs idirnáisiúnta – Aontas atá níos ceannasaí

Tá a fhios againn go rachfar i gceann na gcéimeanna sin laistigh de chóras caidrimh eacnamaíoch idirnáisiúnta atá i bhfad níos deacra agus níos casta ná an córas sin a bhí i réim le tríocha bliain anuas. Córas níos dúnta agus níos cosantaí, atá comhroinnte go soiléir idir tíortha geilleagair margaidh agus tíortha ina bhfuil an caipitleachas stáit fós i réim agus nach annamh é a bheith bagrach. Dá bhrí sin, agus é fós fréamhaithe go daingean laistigh de phrionsabal na saorthrádála agus de chóras iltaobhach, beidh ar an Aontas ionstraimí cosanta trádála agus córas scagtha infheistíochta coigríche níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm. Is amhlaidh atá i gcás shlándáil an tsoláthair, lena n-áirítear sásraí a chur chun cinn chun earnálacha táirgthe straitéisigh a chur ar bun sa bhaile an athuir. Ar an gcuma chéanna, ní mór go mbeadh cáin teorann carbóin lena gcoisctear sceitheadh carbóin ag gabháil le plean ar bith chun tionscail Eorpacha a dhícharbónú. Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh an chaibidlíocht ar chomhaontuithe saorthrádála ina léiriú ar nádúr athraitheach caidreamh idirnáisiúnta agus ar chuspóirí comhshaoil an Aontais. Ba cheart contrapháirtithe margaidh a roghnú go hiomchuí agus ba cheart clásail inbhuanaitheachta a bheith ann atá i bhfad níos déine ná na clásail reatha.

Céim 1 - Téarnamh

Ní mór caomhnú an mhargaidh aonair a bheith ar cheann de cholúin ghníomhaíocht an Aontais i gcéim 1. Beidh an margadh inmheánach níos ilroinnte agus níos neamhchothroime ag teacht as géarchéim COVID-19 dó. Mar gheall ar fhionraí páirteach na státchabhrach, tá buntáiste ag na tíortha sin a bhfuil an líon is mó acmhainní airgeadais acu. Ní mór gníomhú go mear chun cláir Eorpacha, atá bainistithe ag an gCoimisiún, a chur in ionad scéimeanna tacaíochta náisiúnta do ghnólachtaí agus d'oibrithe. Ba cheart go bhfónfadh sé sin don Chiste Téarnaimh thar aon ní eile, agus fós tosaíocht a thabhairt do thíortha ina bhfuil an chabhair níos ísle agus ina ndearna an eipidéim níos mó damáiste.

An ghné bhunriachtanach eile den straitéis téarnaimh is ea tacaíocht d'athchaipitliú cuideachtaí. Tá an cóimheas cothromais/fiachais imithe in olcas; ní mór tacaíocht fhioscach láidir agus rochtain dhíreach ar chaipiteal a chur i bhfeidhm do chuideachtaí móra ag a bhfuil clásail shoiléire scoir agus neodrachta rialachais. Ba cheart leithdháileadh sonrach acmhainní chun na críche sin a áireamh sa Chiste Téarnaimh.

Caithfidh éiceachórais tháirgiúla atá buailte go dona ag iarmhairtí an an choróinvírís – e.g. an turasóireacht agus an eitlíocht – tairbhiú de sciar níos mó den deontas cailte agus de thréimhse níos sia de chóras speisialta na státchabhrach.

Céim 2 – Atógáil agus Chlaochlú

Ní thiocfaidh geilleagar na hEorpa ina neart arís mura rud é go mbeidh clár láidir infheistíochta poiblí ina bhonn taca aige. Dá bhrí, is den deargriachtanas é go leanfadh rialacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta de bheith ar fionraí, ar a laghad i gcás infheistíochtaí atá dírithe ar an ngeilleagar a dhigitiú agus a ghlású.

Fiú roimh an ngéarchéim, ba léir cheana nár leor na cistí a bhí ar fáil don Chomhaontú Glas don Eoraip chun an t-aistriú comhshaoil a bhaint amach. Ar an gcúis sin, is gá foráil a dhéanamh don Chiste Téarnaimh a thiontú ina Chiste um Atógáil agus um Chlaochlú. Déanfar struchtúr idirghabhálacha agus clár a athshainiú chun iad a dhíriú níos beaichte ionsar chuspóirí digiteacha agus comhshaoil a bhaint amach. Ní mór pointe amháin a bheith soiléir: in éagmais tacaíocht láidir don Eoraip trí bhíthin buiséad treisithe, mura ndéanfar an Ciste Téarnaimh a thiontú ina Chiste um Atógáil agus um Chlaochlú agus d'uireasa shaoirse mhéadaithe infheistíochta na mBallstát, ní bhainfear amach cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050. In éineacht leis an gCiste um Atógáil agus um Chlaochlú, ní mór gach clár Eorpach, ag tosú le Fís na hEorpa, a neartú agus ní mór iad a nascadh leis na pleananna náisiúnta. Ní mór mionstaidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le státchabhair agus cumaisc chun, trí líon níos mó acmhainní airgeadais a shlógadh, dlús a chur leis an aistriú tionsclaíoch, agus teacht chun cinn seaimpíní Eorpacha a spreagadh, faoi seach; foráil a dhéanamh maidir le huirlisí faireacháin iomchuí chun damáiste don mhargadh aonair agus don slabhra soláthraithe a chosc.

Caithfidh méid, leithead agus doimhneacht na n-athruithe a bheidh le déanamh againn a thuiscint. Cuimhnimis, mar shampla, ar an tionscal cruach, atá bunriachtanach do shlabhra táirgeachta iomlán na hinnealtóireachta meicniúla agus an tionscail mótarfheithiclí. Chun dícharbónú a bhaint amach, beidh gá leis na nithe seo a leanas: 1) dreasachtaí cumhachtacha chun innealra agus teicneolaíochtaí a aistriú; 2) tacaíocht do phraghsanna gáis i gcás nach bhfuil sé iomaíoch do tháirgeadh cruach; 3) cáin teorann carbóin chun allmhairí truailléain agus saora a chosc. Is léir gurb é cur chuige iomlánaíoch agus an-chostasach, agus é sin amháin, a bheidh

ina chuidiú le haistriú ionsar laghduithe astaíochtaí a áirithiú gan dochar a dhéanamh don tionscal Eorpach.

Ionstraimí agus modheolaíochtaí – beartas tionsclaíoch níos éifeachtúla

Sa tuarascáil, moltar roinnt athruithe ar an mbealach a bhfeidhmeoidh an beartas tionsclaíoch amach anseo. Ar an gcéad dul síos, ba cheart measúnú tionchair a dhéanamh sula dtabharfar isteach aon rialacha nua. Go háirithe, sa chéad céim, is doshamhlaithe go mbeadh rialacha lena gceanglaítear coigeartuithe costasacha a dhéanamh ina n-ualach ar an gcóras tionsclaíoch, atá buailte go dona ag an gcoróinvíreas. Sa dara céim, áfach, ba cheart cistí iomchuí a chur ar fáil chun tacú leis an aistriú.

A mhéid a bhaineann le modheolaíocht, moltar sa tuarascáil go nglacfaí córas eochairtháscaire feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-ionstraimí arna gcruthú ag an Aontas.

Ar deireadh, moltar inti go n-úsáidfí córais creidmheasa cánach náisiúnta cómhaoinithe, mar mhalairt ar dhreasachtaí traidisiúnta atá bunaithe ar thairiscintí, chun infheistíocht agus taighde a spreagadh. Mar gheall ar an rogha sin, ar cheart í a leathnú chuig gach ionstraim agus ciste Eorpach, áirithítear inrochtaineacht níos fearr do FBManna agus breis éifeachtúlachta agus luais ó thaobh úsáid cistí de, maille le níos lú daonlathais agus costas eisíoca.